# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Feabhra 2016

## San eagrán seo:


- Dushlán Taistil Translink
- Dúshlán Mór Wheelie
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht scoileanna:
  - Glantóireacht ag Millstrand PS
  - Aip á roinnt ag Ulidia Integrated
- Nuacht na gComhpháirtithe: Gradaim an Chomhshaolaí Óig
- Nuacht Idirnáisiúnta: YRE
- Ollghlantachán an Earraigh
- Comórtais
- Nuacht eile
- Brait Ghlasa na míosa seo


## Spriocdháta d'iarratais Bhrat Glas Éicea-Scoileanna 11 Márta

Más suim leat cur isteach ar Bhrat Ghlas i mbliana agus más mian leat go ndéanfaí measúnú ar d'iarratas don Bhrat Ghlas faoi dheireadh an Mheithimh, tabhair faoi deara go gcaithfidh sé a bheith againn roimh 11 Márta 2016.

Cuimhnigh gur féidir iarratais a chur isteach am ar bith i rith na bliana ach de dheasca líon ard iarratais a bheith ag teacht i ndiaidh 11 Márta is féidir nach mbeimid in inmhe do mheasúnú a shocrú go dtí an scoilbhliain seo chugainn.

Seol d'iarratas sa phost nó ar r-phost chuig eco-schools @keepnorthernirelandbeautiful.org. Beimid breá sásta freagra a thabhairt ar cheist ar bith a bheas agat ag 02890 36920.



## Tá Éicea-Scoileanna chun tosaigh i nDúshlán Taistil Translink.

Is breá le hÉicea-Scoileanna a bheith ag obair le Translink don séú bliain chun dúshlán níos mó daltaí a thabhairt taisteal ar mhodh inbhuanaithe chun na scoile. Sa Dúshlán Taistil tugtar cuireadh ar dhaoine óga na cosa a shíneadh, a bheith ag rothaíocht, bus nó traein a fháil agus an carr a fhágáil sa bhaile ar feadh coicíse ar a laghad.

Ní amháin gur chun tairbhe na timpeallachta atá na modhanna gníomhacha inbhuanaithe taistil seo ach cuidíonn siad fosta le teaghlaigh airgead a choigilt, sláinte mheabhrach agus fhisiceach a fheabhsú agus róphlódú ag geataí na scoile a laghdú.




*Tá Cranmore Integrated Primary, Béal Feirste, ar bord don Dúshlán Taistil*

| Duaiseanna Dúshlán Taistil Translink |
|---|
| Líon is mó Éicea-Thuras<br>**Iar-bhunscoil**<br>£150 agus turas bus nó traenach do rang amháin |
| Rang is mó feabhas<br>**Bunscoil**<br>£150 agus turas bus nó traenach do rang amháin |
| Tionscadal #Corraitheoirí Cliste is fearr<br>**Bunscoil agus Iar-bhunscoil**<br>£150 *agus* turas bus nó traenach do rang amháin |
| **Dalta is fearr**<br>**Gach Scoil**<br>Dearbhán leabhair £50 *agus* ticéad taistil teaghlaigh don dalta buacach |

Anuraidh ghlac 1200 dalta ar fud TÉ páirt agus mhalartaigh tuairim is 6000 turas cairr do mhodhanna eile níos inbhuanaithe – agus meastar gur chlúdaigh siad 17,500 ciliméadar. Le fírinne, dá ndéanfadh gach dalta i dTuaisceart Éireann an Dúshlán, meastar gur féidir 4.8 milliún ciliméadar de thaisteal inbhuanaithe a dhéanamh.

Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte do gach scoil anois. Tá an Dúshlán ar siúl i dtéarmaí an earraigh agus an tsamhraidh go dtí **23 Bealtaine** ar feadh **2 sheachtain** is rogha leat féin.

Spreag taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus déan do thorthaí a thaifead leis na hacmhainní atá curtha ar fáil agus seol chugainn iad agus beidh seans agat duaiseanna iontacha a bhaint!

An bhfuil tionscadal iontach Iompair ar siúl i do scoil? Tá sé chomh maith agat cur isteach ar an chatagóir Tionscadal #Corraitheoirí cliste agus tá seans agat duais a bhaint.

Beidh ócáid cheiliúrtha ar siúl ag an Stáisiún Lárnach, Béal Feirste i **Meitheamh 2016**. Cuirfear ainm gach scoile a sheolann torthaí chugainn isteach i gcrannchur duaischiste le haghaidh turas scoile le Ulsterbus go Baile Átha Cliath. Ní amháin gur comórtas é ach is tionscadal iontach é lena lán acmhainní foghlama agus monatóireachta fosta. Tabhair cuairt ar www.translink.co.uk/ecoschools le haghaidh tuilleadh eolais nó seol r-phost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.




*Déanann daltaí Lisnasharragh Primary iniúchadh ar dhramhbhia*

## Tugann dramhaíl lón machnaimh do dhaltaí Bhéal Feirste le Dúshlán Mór Wheelie .

Tá scoileanna ar fud Bhéal Feirste ag tabhairt faoi thopaic thábhachtach an dramhbhia leis an dúshlán spreagúil Wheelie Big Challenge a reáchtáil ag Keep Northern Ireland Beautiful de chuid Éicea-Scoileanna agus tacaíocht acu ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste. Le méideanna ar nós 7 milliún tonna bia á chaitheamh amach as tithe sa RA gach bliain, tá daltaí ag fiosrú oiread is féidir a dhéanamh ar scoil agus sa bhaile chun dramhaíl a laghdú.

Sa dara bliain seo den dúshlán, spreagann carachtar darb ainm Wheelie arís gach duine chun grinnscrúdú a dhéanamh ar a bhfuil á chaitheamh acu sa bhosca bruscair. Foghlaimeoidh daltaí an dóigh chun dramhbhia a laghdú agus múirín a dhéanamh as fuílleach bia nó é a athchúrsáil. Tá cuireadh orthu a gcuid gníomhartha agus feabhsúcháin a iontráil i gcomórtas a bhfuil a bhabhta ceannais ar siúl i Halla na Cathrach, Béal Feirste ar 10 Meitheamh. Is féidir le scoileanna suas le £500 a bhaint I rannóga Bunscoile agus Iar-bhunscoile.

*Bhí an méid seo le rá ag George Lyttle, Oifigeach Athchúrsála ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste: "Tá áthas orainn a bheith ag obair arís le Keep Northern Ireland Beautiful ar an chomórtas seo, agus tógáil ar an rath atá ann le*

*blianta beaga anuas. Tugann an comórtas seo deis do scoileanna duaiseanna iontacha a bhaint agus cuidíonn sé leis an timpeallacht a chaomhnú agus costais diúscairt dramhaíola a laghdú. Agus an taighde a léiriú go gcuirtear amú thart ar thrian den bhia, tá súil againn go spreagfaidh an comórtas seo daltaí agus a dteaghlaigh smaoineamh ar an bhia a chuirtear amú sa bhaile agus rud éigin a dhéanamh faoi."*

Rinne buaiteoirí na bliana seo caite, Lisnasharragh Primary School, iarracht mhór le níos mó páipéir agus plaistigh a athchúrsáil agus a athúsáid agus bhunaigh siad láthair athchúrsála sa scoil mar a dtig le ranganna acmhainní in-athúsáide a roinnt do ghníomhaíochtaí sa seomra ranga. D'éirigh leo a ráta athchúrsála a fheabhsú faoi 23%. I mbliana tá siad tógtha go mbeidh siad ag díriú ar bhia trí fhuilleach a mhúiríniú agus daltaí agus tuismitheoirí a spreagadh le níos lú bia a chur amú.

Féadann scoileanna i gceantar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste a suim sa chomórtas a chlárú trí r-phost a chur chuig cathy.gorman@keepnorthernirelandbeautiful.org. Tá breis eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna faoi rannán na gcomórtais.

## Feachtas na nGráinneog - Radhairc á n-iarraidh, beo nó marbh.



*Mar chuid de thionscnamh Seaimpíní Nua-Speicis NIEL, iarrann an tAire Comhshaoil, Mark H Durkan, ar na scoileanna uilig cuidiú leis na gráinneoga dúchais. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil anois gur lú ná aon mhilliún atá fágtha.*

Tosóidh gráinneoga a mhúscailt arís le linn na míosa seo chugainn de réir mar a éireoidh an aimsir níos teo. Agus iad ag tosú a ghluaiseacht thart, b'fhéidir go mbeadh d'ádh ort iad a fheiceáil sa ghairdín nó ar thailte na scoile. Ar an drochuair, is iad na gráinneoga marbha ar thaobh an bhóthair na radhairc is coitianta againn. B'úsáideach an t-eolas é ag CEDaR (Centre for Environmental Data and Recording/ Lárionad Sonraí agus Taifeadadh Comhshaoil) má fheiceann tú gráinneoga ar bith fiú na cinn mharbha, is táscaire maith é sin ar an bhail atá ar phobal na ngráinneog sa cheantar sin. Chun a fháil amach an dóigh le radharc ar ghráinneog a chlárú, gabh chuig suíomh idirlín CEDaR agus cuidigh linn ár gcairde colgacha a thaifead. Le cuidiú Dé, is radharc beo a bheas ann.

Más rud é go bhfaca tú gráinneoga ar bith ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat is mian leat a roinnt, gabh i dteagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org agus amharc ar fheachtas na nGráinneog ar ár suíomh idirlín.

## Nuacht Scoileanna:

### Millstrand Primary ag tabhairt glanadh don chósta.



Bhí Millstrand Primary School, Port Rois, páirteach sa scéim **Caomhnaigh Cearn Bheag /Adopt a Spot to Live Here Love Here** ar feadh 2 bhliain agus glanann siad a dtrá áitiúil go rialta. Leis an bhruscar a bailíodh ón Trá Thiar, chruthaigh B4 píosa ealaíne ar ar bhaist siad 'An tIasc Caillte', le haghaidh chomórtas bruscair Ealaín Mhuirí an Titanic. Bhí lúcháir orthu a fháil amach gur bhain siad an comórtas agus go mbeidh a gcuid oibre ar taispeáint ag an Titanic le linn na Seachtaine Eolaíochta an mhí seo.

*'An tIasc Caillte', saothar ealaíne a chruthaigh Millstrand Primary School.*

### Aip Fuinnimh á Forbairt ag Ulidia Integrated College




Ghlac foireann de 4 daltaí as Ulidia College, Carraig Fhearghais, páirt in Éicea-Dhúshlán AES agus an smaoineamh acu aip saor le híoslódáil a chruthú chun tacú le foghlaimeoirí Eolaíochta agus Tíreolaíochta EC3.

Le maoiniú ó Fhuinneamh AES Energy agus le comhpháirtíocht oibre le Dramhaíl ISL Waste d'éirigh leis na scoláirí an aip a fhorbairt anois agus tá siad bródúil gur féidir leo an íoslódáil a roinnt ag https://demo.enterprise.theappbuilder.com/clients/ulidia/ulidia

*Bail ó Dhia oraibh Darcy Burrows, Grace Carson, Jamie Davidson, Blake McAlister i mBliain 12.*

## Nuacht na gComhpháirtithe:




*Mullavilly Primary ag babhtaí ceannais 2015'*

**Babhtaí Ceannais Réigiúnacha Uladh Gradaim an Chomhshaolaí Óig – Dé hAoine 11 Márta: 10am – 3pm**

Ócáid spreagúil a bheas ann nuair a bheidh babhta ceannais réigiúnach an Ghradaim Comhshaolaí Óig ECO-UNESCO ar siúl in Ionad Fionnachtana Loch nEathach/Lough Neagh Discovery Centre, den 6ú huair as a chéile. Is clár gradam uile–Éireann é Gradaim an Chomhshaolaí Óig ina dtugtar aitheantas agus duais do dhaoine óga a ardaíonn feasacht chomhshaoil agus a chuidíonn lena dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú.

Tarlóidh an ócáid Dé hAoine 11 Márta agus tiocfaidh scoileanna ó gach cearn den réigiún go dtí an t-ionad lena réimse iontach tionscadail nuálaíocha, a chur ar taispeáint, tionscadail atá deartha chun an comhshaol áitiúil nádúrtha a fheabhsú, a chothú agus a chaomhnú. Cuirfear na tionscadail faoi bhráid phainéal de bhreithiúna saineolacha lena meas agus rachaidh na buaiteoirí ar aghaidh chuig an chraobh uile-Éireann i mí na Bealtaine.

I measc na gcatagóirí gradaim a bheidh ann ar an lá beidh na tionscadail is fearr bithéagsúlacht, fuinneamh, uisce, athchúrsáil agus taisteal gan ach beagán a lua.

Tabhair cuairt ar www.facebook.com/oxfordislandnaturereserve chun tuilleadh a fhoghlaim nó gabh i dteagmháil leis an Ionad Fionnachtana Discovery Centre ar 028 3831 1673.

## Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:

### Cruinniú Oibritheoirí Náisiúnta TÓT- Glaschú.

Young Reporters for the environment

Tá Keep Northern Ireland Beautiful ag dréim le freastal ar Chruinniú Oibritheoirí Náisiúnta Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht (TÓT)/Young Reporters for the Environment (YRE) i nGlaschú an mhí seo. Is seans é seo ag daoine ó gach tír ar domhan ina reáchtáiltear an clár TÓT teacht i gceann a chéile le traenáil, agus inspioráid a fháil agus le smaointe a mhalartú.

Chun tuilleadh a fháil amach faoi chlár TÓT amharc ar an fhíseán seo agus léigh samplaí oibre inspioráideacha ó dhaoine óga ar fud an domhain anseo.

Is é atá in TÓT/YRE líonra de dhaoine óga díograiseacha a bhíonn ag oiliúint daoine ar fhorbairt inbhuanaithe trí iriseoireacht mhealltach chruthaitheach a dhéanamh ar chúrsaí comhshaoil. Is í an Fhondúireacht don Oideachas Imshaoil /(FOI)/ Foundation for Environmental Education (FEE), a dhéanann maoiniú ar TÓT/YRE agus tá sé ar fáil in os cionn 30 tír agus ag fás leis!



Is féidir le daoine óga atá 11-21 bliain d'aois cur isteach ar chomórtas TÓT faoi thrí chatagóir:

- Ailt Scríofa
- Fótagrafach
- Fís

Roghnaíonn scoláirí ceist chomhshaoil atá gar dá gcroí agus iniúchann siad, molann réitigh agus tuairiscíonn ar a gcuid torthaí.

Is é **11 Aibreán 2016** an spriocdháta náisiúnta. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org nó tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Éicea-Scoileanna.

## Páistí a spreagadh chun cuidiú leis na beacha a shábháil. Plean Sóisearach Pailneora seolta.




Anuraidh, tháinig saineolaithe na mbeach le chéile in Éirinn chun Plean Pailneora Uile-Éireann 2015-2020 a chruthú. Rinneadh iniúchadh ar na dúshláin atá roimh bheacha i saol an lae inniu, an príomhról a bhíonn acu inár n-éicea-chóras agus bealaí ina dtiocfadh le gach duine a gcion a dhéanamh chun cuidiú lena gcosaint.

Is cúis lúcháire é ag Keep Northern Ireland Beautiful Eco-Schools a bheith ag tacú leis an 'Phlean Sóisearach Pailneora', ina gcuirtear na smaointe seo i láthair lucht éisteachta níos óige ar dhóigh spraíúil agus shothuigthe. Spreagann sé páistí chun amharc ar bhealaí a dtig leo cuidiú le cur i gcoinne imeacht i léig na mbeach in Éirinn agus cuideoidh sé leo tábhacht na mbeach sa domhan a thuigbheáil agus cuirfidh sé ar a gcumas gníomh a dhéanamh le cuidiú lenár gcuid pailneoirí a chosaint.

Más pailneoir thú, is é do sháith bia a aimsiú an dúshlán is mó a bhíonn romhat. De dheasca titim i líon na mbláthanna fiáine tá ár gcuid pailneoirí ag fáil bháis den ocras. Ciallaíonn spraeáil an leasaithe gur tháinig méadú san fhómhar, ach gur tháinig titim mhór, dá réir, i líon na mbláthanna fiáine, i ngnáthóga ghoirt bhainistithe agus i ngnáthóga leathnádúrtha ar na gaobhair. Ó tharla claonadh a bheith againn an tírdhreach a chóiriú seachas ligean do bhláthanna fiáine fás ar feadh na mbóithre, teorainneacha páirce, agus inár gcuid páirceanna poiblí, garraithe agus tailte scoile bíonn tionchar mór aige sin agus níos lú de na foinsí seo a bheith ar fáil.

## Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful :

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful. a reáchtálann Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann. Seo daoibh an t-eolas is déanaí ó réimsí eile dár n-eagraíocht:

### Glantóireacht MHÓR an Earraigh Aibreán 2016

**Preabaigí i mbun gnímh lenár nglantóireacht náisiúnta bhliantúil!**

Cúis lúcháire d'Éicea-Scoileanna a bheith páirteach i nGlantóireacht MHÓR an Earraigh mar chuid dá bhfeachtas Live Here Love Here.

Cláraigh imeacht glantóireachta agus gheobhaidh tú pacáiste glantóireachta ina bhfaighidh tú: lámhainní, málaí, veisteanna ard-infheictheachta, póstaeir agus noda agus leideanna. Cláraigh do chuid torthaí agus seolfaimid teastas buíochais chugat as do rannpháirtíocht. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an dóigh le clárú, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná déan dearmad do thacaíocht don fheachtas Live Here Love Here a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh i do phobal féin.**

### Helping Hand - dearbhán MÓR 'go raibh maith agat' le lacáiste 15%!

Tá Keep Northern Ireland Beautiful ag úsáid táirgí bailithe bruscair Helping Hand Environmental thar 10 mbliana. Chun ordú a dhéanamh le Helping Hand ag úsáid an lacáiste15%, tabhair cuairt ar an suíomh idirlín chun tuilleadh eolais a fháil. Tig deireadh leis an tairiscint ar 31 Aibreán 2016.

## Comórtais: Cash for Clobber le Cookstown Textile Recyclers



*Bailiúchán geansaithe Loanends PS 2015*

Is dóigh iontach ag do scoil é 'Cash for Clobber' le Cookstown Textile Recyclers (CTR) chun airgead a bhailiú le haghaidh tionscadail timpeallachta do scoile. Tabharfaidh CTR airgead ar na héadaí a bhailíonn siad, **50 pingin/kilo**. Ansin, sórtáiltear iad uilig go háitiúil agus dáiltear iad ar thíortha a bhfuil cuidiú de dhíth orthu nó athchúrsáiltear ina snáithíní iad le húsáid sa tionsclaíocht.

Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí é atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir timpeallachta acu agus a mholann Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann agus is le bród a thug siad urraíocht don topaic dramhaíola s'againn le sé bliana anuas. Thiocfadh leat suas le £3000 a bhaint do do scoil ach gach cineál éadaí agus bróg (péirí amháin), teicstílí tí agus málaí (gan duivéanna ná ceannadhairteanna san áireamh) a athchúrsáil.

**Tosaigh a bhailiú anois! – ní thiocfadh leis a bheith níos fusa**: An scoil is mó a bhailíonn seanéadaí in aghaidh an dalta, bainfidh sí duais iontach airgid. Tá trí bhanda ann le duaiseanna a bhaint, ag brath ar mhéid do scoile.

| | | |
|---|---|---|
| Banda 1 = Suas le 100 dalta | Banda 2 = 101-250 dalta | Banda 3 = Os cionn 250 dalta |
| £1,000 | £2,000 | £3,000 |

Beidh an Comórtas ar siúl ó **1 Meán Fómhair 2015 - 31 Bealtaine 2016.** Le haghaidh breis eolais, tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Éicea-Scoileanna

Chun bailiúchán éadaí 'Cash for Clobber' a shocrú do do scoil, gabh i dteagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó cuir scairt ar 028 9447 8880.

## Comórtas  Uisce TÉ/NI Water

Tá cuireadh ort a bheith páirteach i gComórtas Bliantúil Scoileanna Uisce Thuaisceart Éireann (Uisce TÉ/NI Water). Tá an comórtas ag díriú ar phóstaeir a chumadh chun comparáid a dhéanamh idir uisce sábháilte a bheith againn anseo i dTuaisceart Éireann agus iad siúd atá beo bocht agus gan uisce sábháilte i dtíortha atá i mbéal forbartha. Tá an comórtas oscailte do dhaltaí EC2 ó gach bunscoil i dTuaisceart Éireann, agus tá rannóg ar leith ann do Scoileanna Speisialta.  Tá duaiseanna iontacha le baint. Spriocdháta **25 Márta 2016**. Déan teagmháil le foireann Oideachais Uisce TÉ/NI Water.  chun tuilleadh eolais a fháil ag education@niwater.com.

## Gradaim na Scoileanna is Slachtmhaire le Comhairle Fóntas Thuaisceart Éireann/Northern Ireland Amenity Council.

An bhfuil tailte agus foirgnimh scoile agaibh atá slachtmhar néata agus daltaí atá spreagtha agus rannpháirteach agus sibh dírithe ar an timpeallacht ?  Chuir beagnach 200 isteach anuraidh ar 'Ghradaim na Scoileanna is Slachtmhaire' a reáchtálann Comhairle Fóntas Thuaisceart Éireann. Tá an comórtas bliantúil seo oscailte le haghaidh iontrálacha ó scoileanna go dtí **11 Márta 2016.** Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Chomhairle Fóntas Thuaisceart Éireann chun foirm iontrála.a fháil . Beidh searmanas gradam na scoileanna ar siúl ar **7 Meitheamh 2016** ag Ionad Taiscéalaithe Loch nEachach, Creag Abhann.

## Nuacht eile:

### Deis Foghlaim Dhomhanda do scoileanna.

GLOBAL LEARNING Programme

Is féidir le scoileanna TÉ oideachas do dhomhan cothrom inbhuanaithe a thabhairt isteach ina gcuid seomraí ranga an téarma seo trí rannpháirtíocht i gClár Foghlaim Dhomhanda (CFD) Tá os cionn 160 scoil ó TÉ ag glacadh páirt i dtionscnamh forbartha foirne cheana féin agus iad ag déanamh dul chun cinn iontach.



Tairgtear traenáil ar fhoghlaim dhomhanda do gach scoil atá rannpháirteach (agus cuirtear clúdach ionadaíochta ar fáil) le cois acmhainní agus treoir. Beidh an chéad bhabhta eile de thraenáil CFD ar siúl ag deireadh mhí Feabhra/Márta ag ionaid éagsúla ar fud TÉ. Is féidir le scoileanna tuilleadh eolais a fháil agus clárú don chlár ach cuairt a thabhairt ar shuíomh CFD, www.globallearningni.com.

Ba chóir ceisteanna a dhíriú ar glp@centreforglobaleducation.com. Déanann an tIonad um Oideachas Domhanda bainistiú ar an CFD agus tugann rialtas RA maoiniú dó.

## Brait Ghlasa na míosa .

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a ngradam iontach a thréaslú leis na scoileanna seo a leanas:

- Castledawson Primary School, An Seanmhullach
- Churchtown Primary School, An Chorr Chríochach
- Sacred Heart Grammar School, an tIúr
- Portadown Integrated Primary School, Port an Dúnáin
- Derryhale Primary School, Port an Dúnáin




*Sacred Heart Grammar School, an tIúr*




*Derryhale Primary School, Port an Dúnáin*




*Portadown Integrated P.S,  Port an Dúnáin*

Déan teagmháil linn ag:

Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cásanna staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**